

BRIGHID.

Bhí dhá bhean phósta ag athair Bhrighde. Tosuigh an bhean eile ag troid le máthair Bhrigde. Níor mhaith leithi bheith ag troid dimthigh sí agus dinnis sí don easpog é. Bhí sí le haghaidh Brigdhe an t-am sin.

Beannochaidh mise an páisde atá faoi do bhrúinn adeir an teaspag ó tharla dibrighthe tú agus feadfaidh tú dhul ag saothrú agus nuair a bhéad an páiste agat feadfaoi tú í thabhairt do bhean eile agus leath a saoiróthas tú thabhairt don bhean le n-a tógáil.

Chuaidh sí ag obair ag fear mór ar nós an fhir a bhí aice féin fear mór bo agus bainne agus ag déanamh ime. Is aice a bhí comhairle ar an obair ar fad. Nuair a bhí an páiste aic chuir sí ar oiliúint í agus agus d'fan sí féin ag obair. Nuair a bhí an páiste bliain d'aois cailleadh páiste eile i ngar don bhean go raibh Brighis aici.

Chuaidh an bhean go dtí teach a raibh an páiste caillte ann agus thug si Brighis léithe ina gabail. Nuair a disligh sí ag breathnú ar an gcorp leag Brighid a lámh ar an bpáiste a bhí cáillte agus d'éirigh an páiste aríst beo bhí fhios aca annsin go raibh Brighid beannuighthe.

D'éirigh an mháthair go donna agus chuaidh Brighid ag obair ina háit. Níl duine bocht dá dteigeach nach dtugadh sí cuid den bhainne do. Bhí a sheacht n-oiread bainne ina dhiaidh sin aice agus bhí aice agus bhíodh ag a máthair bhí Dia dhá mhéadú dí. Nuair a tháinig an mháthair ar ais ag obair bhí cead ag Brighid dul amach ag siubhal. Casadh an fear seo dí – Láidraic Lom Luirc.

Bhí cluasa capaill ar an bhfear seo duine ar bith a déarfadh leis é mharóchadh sé é. D'iarra sé ar Bhrighid cen sort cluas a bhí air leag Brighid a lámh air cluasa ar nós chuile dhuine adeir Brighid ara muise ní adeir sé tá cluasa capaill orm.

Cuir suas do lámha adeir Brighid. Chuir sé suas a lámha agus bhí cluasa air ar nos chuile dhuine. Tiubhraidh mise rud ar bith dhuit a bheas tú iarraidh. Níl mé a iarraidh ach leithead mo bhrat de thalamh le haghaidh bó. Dubhairt sé go bhfuigheach sí sin. Sgar sí amach an brat agus bhí an brat ag leathnú leis nó go bhfaca bean é agus dubhairt an bhean go mbainfeadh sé amach Éire.

Ní rinne an brat níos mó bhí Curach Cill Dara faoin mbrat san am sin agus ag Brighid a bhí an Churach. Brat Bhrigde a bhain amach an Churach. Bhí áit annsin agus bhí dhá easpoig ann. Tháinig Brighid isteach sa séipéal a raibh siad. Nuair a tháinig sí isteach níor fhán coinneal sa séipeal nár las.

Tá an Maighdean Mhuire sa séipéal adeir easpog aca. Níl arr an teaspag sin í Brighid beannuighthe a beannuigh mé faoi bhrúinn a máthar. Rinne siad bean riaghalta annsin dí agus sin í an chéad bhean riaghalta a bhí ariamh i nÉirinn.

i dteach na cúirte, Gaillimh, Feabhra 1931.